C/2024/668

12.1.2024

TUAIRIM ÓN mBANC CEANNAIS EORPACH

an 24 Samhain 2023

maidir le togra le haghaidh rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le staidreamh mhargadh saothair an Aontais Eorpaigh i dtaca le gnólachtaí, lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh 530/1999 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh 450/2003 agus Rialachán (CE) Uimh 453/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(CON/2023/38)

(C/2024/668)

Réamhrá agus bunús dlí

An 12 Deireadh Fómhair 2023, fuair an Banc Ceannais Eorpach (BCE) iarraidh ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh ar thuairim maidir le togra le haghaidh rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le staidreamh mhargadh saothair an Aontais Eorpaigh i dtaca le gnólachtaí, lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 530/1999 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 450/2003 agus Rialachán (CE) Uimh. 453/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]) (an 'rialachán atá beartaithe' anseo feasta).

Tá inniúlacht BCE tuairim a thabhairt bunaithe ar Airteagail 127(4) agus 282(5) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ós rud é go bhfuil forálacha sa rialachán atá beartaithe a dhéanann difear do chúraimí BCE maidir le faisnéis staidrimh a bhailiú agus maidir le rannchuidiú le comhchuibhiú, más gá, na rialacha agus na gcleachtas lena rialaítear bailiú, tiomsú agus dáileadh staidrimh sna réimsí laistigh dá réimsí inniúlachta de bhun Airteagal 5 de Reacht an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais agus an Bhainc Cheannais Eorpaigh ('Reacht CEBC'). I gcomhréir leis an gcéad abairt d'Airteagal 17.5 de Rialacha Nós Imeachta an Bhainc Ceannais Eorpaigh, tá an Chomhairle Rialaithe tar éis an tuairim seo a ghlacadh.

1. **Barúlacha ginearálta**

Teastaíonn faisnéis ó BCE maidir leis an ráta folúntais poist, maidir le leibhéal agus comhdhéanamh na gcostas saothair agus maidir le struchtúr agus dáileadh tuillimh chun measúnú a dhéanamh ar fhorbairtí eacnamaíocha sna Ballstáit i gcomhthéacs beartais airgeadaíochta Eorpaigh aonair agus chuspóir príomhúil comhchéimneach an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais cobhsaíocht praghsanna a choimeád ([2]). Tá faisnéis thráthúil maidir le dálaí mhargadh saothair agus forbairtí pá ríthábhachtach chun measúnú a dhéanamh ar na bunbhrúnna boilscitheacha agus chun bonn eolais a chur faoi chinnteoireacht an bheartais airgeadaíochta. Liostaítear staidreamh maidir le folúntais poist agus innéacs na gcostas saothair i measc na bPríomhtháscairí Eacnamaíocha Eorpacha ([3]), rud a thugann ról tábhachtach dóibh i measc an staidrimh eacnamaíoch oifigiúil a úsáidtear chun monatóireacht a dhéanamh ar bheartais airgeadaíochta agus eacnamaíocha. Tacaíonn BCE leis an togra rialachán aonair a chur in ionad na ngníomhartha dlí atá ann cheana maidir le staidreamh a bhaineann leis an margadh saothair ([4]) lena gcumhdaítear staidreamh uile an mhargaidh saothair maidir le gnólachtaí (dá ngairtear 'staidreamh LMB' anseo feasta) ([5]). Leis an gcumhdach feabhsaithe atá beartaithe ar staidreamh LMB amhail ó 2026, shaibhreofaí an staidreamh sin agus dhéanfaí níos úsáidí é chun faireachán, measúnú agus réamhaisnéis á ndéanamh ag BCE, agus ar an gcaoi sin chun cinntí beartais airgeadaíochta a ullmhú. Is díol sásaimh freisin an tuairisciú ar luathmheastacháin ar innéacs ([6]) na gcostas saothair amhail ó 2026 toisc go bhféadfaí leis níos mó suntasachta a thabhairt ar an táscaire sin i gcomhthéacs anailís agus measúnú a dhéanamh ar bhrúnna costais a d'fhéadfadh a bheith fréamhaithe in athruithe ar chostais saothair.

([1]) COM (2023) 459 final.

([2]) An chéad abairt d'Airteagal 127(1) den Chonradh. Leis an dara habairt d'Airteagal 127(1) den Chonradh ceanglaítear freisin ar an Eurochóras tacú leis na beartais eacnamaíocha ghinearálta san Aontas d'fhonn rannchuidiú le cuspóirí an Aontais mar atá leagtha síos in Airteagal 3 den Chonradh ar an Aontas Eorpach a bhaint amach.

([3]) COM (2002) 661 final.

([4]) Rialachán (CE) Uimh. 530/1999 ón gComhairle an 9 Márta 1999 maidir le staidreamh struchtúrach ar thuilleamh agus ar chostais saothair (IO L 63, 12.3.1999, lch. 6); Rialachán (CE) Uimh. 450/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Feabhra 2003 maidir le hinnéacs na gcostas saothair (IO L 69, 13.3.2003, lch 1); agus Rialachán (CE) Uimh. 453/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2008 maidir le staidreamh ráithiúil ar fholúntais sa Chomhphobal (IO L 145, 4.6.2008, lch. 234).

([5]) Airteagal 1 den rialachán beartaithe.

([6]) Airteagal 5 den rialachán beartaithe agus an Iarscríbhinn a ghabhann leis.

2. **Barúlacha sonracha**

2.1. *Raon feidhme agus cáilíocht an tuairiscithe nua*

Dá ndéanfaí an earnáil phoiblí agus gnólachtaí beaga a áireamh ([7]) sna foinsí sonraí a úsáidtear chun staidreamh LMB a thiomsú, chuirfí feabhas suntasach ar chumhdach agus ar ionadaíochas an staidrimh LMB faoi seach. D'fheabhsódh sé freisin comhchuibhiú i mbailiú sonraí agus ar an gcaoi sin d'fhéadfaí comparáid níos fearr a dhéanamh idir tíortha maidir le forbairtí i staidreamh maidir le folúntais poist agus innéacs na gcostas saothair. Molann BCE gur cheart go leagfaí síos go sainráite sa rialachán atá beartaithe ([8]) an ceanglas maidir le faisnéis a sholáthar lenar féidir tuiscint a fháil ar thionchar na n-athruithe ar an modheolaíocht nó ar an daonra samplach (mar shampla, méid iomchuí sonraí siarghabhálacha a d'fhéadfadh a bheith bunaithe ar mheastacháin, seachshonraí agus foinsí sonraí eile ([9])). Ba cheart don Choimisiún mionsonraí na sonraí sin mar aon leis na ceanglais eile maidir le sonraí a shonrú i ngníomh cur chun feidhme ([10]).

2.2. *Tráthúlacht an tuairiscithe*

Bheadh an soláthar luath-mheastacháin atá beartaithe ar innéacs na gcostas saothair ina fheabhas suntasach ar an gcóras tuairiscithe atá ann faoi láthair. Tá tábhacht ar leith ag baint le tráthúlacht fheabhsaithe na meastachán sin ós rud é nach bhfuil aon táscairí míosúla comhchuibhithe ann maidir le forbairtí pá ar fud na mBallstát uile. Leis an bhfaisnéis ráithiúil maidir le cúiteamh d'fhostaithe arna foilsiú faoi Chuntais Náisiúnta in CCE 2010, ([11]) ní féidir measúnú a dhéanamh ar fhorbairtí pá ach amháin le moill mhór. Dá bhrí sin, bheadh eisiúint na luath-mheastachán le haghaidh innéacs na gcostas saothair ina céad fhaisnéis a bheadh ar fáil faoi fhorbairtí ráithiúla pá. Ba dhíol sásaimh feabhsuithe breise ar na dátaí tarchurtha sonraí don suirbhé ar struchtúr tuillimh sa bhreis ar na hathruithe measartha beag atá beartaithe faoi láthair.

2.3. *Sainmhíniú ar an aonad staidrimh*

D'fhonn cóireáil chomhchuibhithe staidrimh a bhaint amach, a mhéid is féidir, measann BCE go bhfuil an sainmhíniú ar aonad staidrimh ([12]) ríthábhachtach chun críocha staidreamh Eorpach amhail staidreamh LMB a tháirgeadh. Chun forluítí agus eilimintí in easnamh a sheachaint, go háirithe i gcás ina bhfuil aonaid áitiúla ([13]) ag fiontair ([14]) i níos mó ná Ballstát amháin, tá sé tábhachtach go mbeidh socruithe nithiúla i bhfeidhm chun sonraí a bhailiú ó ghnóthais nó ó aonaid áitiúla.

I gcás ina molann BCE go leasófar an rialachán atá beartaithe, leagtar amach tograí sonracha maidir le dréachtú i ndoiciméad oibre teicniúil ar leith a mbeidh téacs míniúcháin chun na críche sin ag gabháil leis. Tá an doiciméad oibre teicniúil ar fáil i mBéarla ar EUR-Lex.

Arna déanamh in Frankfurt am Main, an 24 Samhain 2023.

Uachtarán BCE
Christine LAGARDE

([7]) Airteagal 4(1), pointí (b)(ii) agus (c)(i), agus Airteagal 6(2) den rialachán beartaithe.
([8]) Go háirithe, in Airteagal 8(2) den rialachán beartaithe.
([9]) Airteagal 3(1), pointe (c), den rialachán beartaithe.
([10]) Airteagal 4(7) den rialachán beartaithe.
([11]) De bhun Chaibidil 4, D.1 d'Iarscríbhinn A a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 549/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Bealtaine 2013 maidir leis an gcóras Eorpach cuntas náisiúnta agus réigiúnach san Aontas Eorpach (IO L 174, 26.6.2013, lch. 1).
([12]) Mar a shainmhínítear in Airteagal 2(1) den rialachán beartaithe.
([13]) Mar a shainmhínítear in Airteagal 2(2) den rialachán beartaithe.
([14]) Mar a shainmhínítear in Airteagal 2(3) den rialachán beartaithe.